

EA/GL/2021/15

An 16 Nollaig 2021

Treoirlínte

maidir le comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus aonaid um fhaisnéis airgeadais faoi Threoir 2013/36/AE

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na dtreoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ina bhfuil feidhm ag treoirlínte, comhlíonadh trí na dtreoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó próisis mhaoirseachta a leasú), agus lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na dtreoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna eile maidir le neamhchomhlíonadh a sholáthar faoi 11.04.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, glacfaidh an ÚBE leis go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a thaisceadh agus an tagairt 'EBA/GL/2021/15' a lua. Ba cheart go ndéanfaidh daoine a bhfuil údarás cuí acu fógraí um chomhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údarás inniúil. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte seo an bealach ina ndéanfar comhar agus malartú faisnéise, go háirithe i ndáil le grúpaí trasteorann agus i gcomhthéacs sárúithe tromchúiseacha ar rialacha frithsciúrtha airgid a shainithint, i gcomhréir le hAirteagal 117(6) de Threoir 2013/36/AE.

An raon feidhme

6. Ba cheart do na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear iad i bpointe (36) d'Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/AE agus i bpointe (5) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/2034 na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm ag leibhéal aonair agus ag an leibhéal comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 110 de Threoir 2013/36/AE.
7. Maidir leis na húdaráis ar a gcuirtear an dualgas poiblí maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis faoi oibleagáid a liostaítear i bpointe (1) agus i bpointe (2) d'Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2015/849 chun an Treoir sin a chomhlíonadh, ba cheart dóibh na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm, ag leibhéal an duine aonair, agus ag leibhéal an ghrúpa a leagtar amach in Airteagal 48 (5) de Threoir (AE) 2015/849².

Seolaithe

8. Tá na treoirlínte sin dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear i bpointe (2)(i) agus i bpointe (2)(viii) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010³, agus ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear i bpointe (2)(iii) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 a mhéid atá na húdaráis sin ag déanamh maoirseachta ar chomhlíonadh cheanglais Threoir (AE) 2015/849 de chuid institiúidí mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/AE, nó ar chomhlíonadh oibreoirí san earnáil airgeadais mar a shainmhínítear i bpointe (1a) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 1093/2010 sa chás go gcuimsítear na hoibreoirí seo i gcomhdhlúthú stuamachta na hinstiúide, lena n-áirítear brainsí a bhunaítear san Aontas is cuma má tá nó mura bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát nó i dtríú tír ('institiúidí').

² Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch 73).

³ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

Sainmhínte

9. Mura sonraítear a mhalairt, na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2013/36/AE, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013,⁴, agus i dTreoir (AE) 2015/849, tá an bhrí chéanna leo sna treoirlínte. Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

Maoirseoir AML/CFT	údarás inniúil mar a shainmhínítear i bpointe (2)(iii) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.
Maoirseoir stuamachta	údarás inniúil mar a shainmhínítear i bpointe (2)(i) nó (2)(viii) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.
Coláiste AML/CFT	mar a shainmhínítear sna Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais (JC 2019 81).
Coláiste stuamachta	coláiste maoirseoirí dá dtagraítear in Airteagal 51 nó in Airteagal 116 de Threoir 2013/36/AE.
Riosca ML/TF	an riosca arna shainiú i dTreoirlínte EBA/GL/2021/02.

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

10. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ón 1 Meitheamh 2022.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch 1-337).

4. Forálacha ginearálta

11. Ba cheart an comhar agus an malartú faisnéise faoi Airteagal 117(5) de Threoir 2013/36/AE a eagrú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach i gcomhréir le forálacha na dtreoirlínte seo, ag leibhéal náisiúnta agus sa chomhthéacs trasteorann araon, beag beann ar na socrúithe institiúideacha sonracha i ngach Ballstát le haghaidh fheidhmeanna mhaoirseoirí AML/CFT, maoirseoirí stuamachta agus aonad um fhaisnéis airgeadais (AFAnna) faoi seach. Chun éifeachtúlacht a áirithiú, ba cheart go seachnófaí dúbailt iarrachtaí neamhriachtanacha trí chomhar agus malartú faisnéise dá leithéid sin.
12. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT faisnéis a mhalartú le chéile agus leis na haonaid um fhaisnéis airgeadais, faisnéis atá tiomsaithe acu nó cruthaithe acu le linn dóibh a gcúraimí a fheidhmiú agus atá ábhartha maidir le feidhmiú chúraimí an údaráis eile. Ba cheart an malartú faisnéise a dhéanamh arna iarraidh sin agus ar a thionscnamh féin.
13. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT comhoibriú lena chéile laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach a mhéid is féidir agus faisnéis a mhalartú gan moill mhíchuí, ar choinníoll nach gcuirfidh comhar agus malartú faisnéise den sórt sin isteach ar fhiosrúchán, imscrúdú nó imeachtaí atá ar siúl faoi láthair dá dtagraítear in Airteagal 117(5) de Threoir 2013/36/AE.

5. Sásraí um chomhar, malartú faisnéise agus chóireáil rúndachta

5.1 Módúlachtaí praiticiúla le haghaidh comhair agus malartú faisnéise

14. Ba cheart go mbeadh modhanna éifeachtacha agus éifeachtúla don chomhar agus don mhalartú faisnéise i bhfeidhm chun tacú leis an gcomhar agus leis an malartú faisnéise faoi na treoirlínte sin sa chomhthéacs náisiúnta agus trasteorann araon. Ba cheart go n-áiritheoidh modhanna den sórt sin go ndéantar faisnéis rúnda a mhalartú trí bhealaí slána.
15. Ba cheart an fhaisnéis a sholáthar i scríbhinn, beag beann ar a formáid, ar pháipéar, trí chumarsáid leictreonach nó in aon fhoráid eile. Ba cheart go n-áireofaí i malartuithe faisnéise nó iarrataí ar chomhar sainaitheint shoiléir na hinstiúide nó an bhrainse lena mbaineann, lena n-áirítear cód an Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI)⁵ sa chás go bhfuil a leithéid ar fáil (le haghaidh brainse: LEI an mháthair-eintitis).
16. I gcás ina meastar gur gá sin, i gcás práinne nó éigeandála, ba cheart an fhaisnéis a iarraidh, nó a sholáthar ar a thionscnamh féin, ó bhéal, ar an teileafón nó le linn cruinnithe idir na maoirseoirí ábhartha. Ba cheart tacú le malartú ó bhéal den sórt sin i scríbhinn a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.
17. I gcás inarb é an maoirseoir stuamachta agus AML/CFT an t-údarás céanna nó i gcás inarb é an t-údarás céanna an maoirseoir AML/CFT agus an t-aonad um fhaisnéis airgeadais, féadfar próisis eile seachas na próisis a shainaithnítear sa roinn seo a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí, lena n-áirítear, ar a laghad, an méid céanna comhair agus malartaithe faisnéise agus atá sa roinn seo.

Critéir ábhartha maidir le malartú faisnéise

18. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta a mheas go bhfuil faisnéis ábhartha chun cúraimí maoirseachta AML/CFT a fheidhmiú, ar a laghad i gcásanna mar seo a leanas:
 - a) tugann an fhaisnéis forais réasúnacha don mhaoirseoir stuamachta le bheith in amhras go raibh nó go bhfuil, i ndáil le hinstiúid, ML nó TF á dhéanamh nó go bhfuil iarracht á déanamh a leithéid a dhéanamh nó go bhfuil riosca méadaithe ann go dtarlóidh a leithéid;

⁵ Ciallaíonn LEI cód tagartha uathúil alfa-uimhriúil bunaithe ar chaighdeán ISO 17442 a shanntar eintiteas dlítheanach.

- b) tugann an fhaisnéis le fios go bhfuil gníomhaíocht ghnó nó samhail ghnó institiúide, nó go n-athraíonn sé ar bhealach a thugann le tuiscint go bhféadfadh go mbeadh an institiúid neamhchosanta ar riosca méadaithe ML/TF;
 - c) baineann sé le heasnamh i gcomhlíonadh ceanglas stuamachta institiúide a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar shocruithe rialachais AML/CFT agus ar chórais inmheánacha agus ar an creat rialaithe inmheánaigh;
 - d) baineann sé leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh.
19. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT a mheas go bhfuil faisnéis ábhartha chun cúraimí maoirseachta stuamachta a dhéanamh, ar a laghad, i gcás ina bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhfaisnéis ar shamhail ghnó, socruithe rialachais inmheánaigh, creat bainistíochta riosca, riosca oibriúcháin, leordhóthanacht leachtachta, córais agus rialuithe uile-institiúide, bainteach leis na ceanglais stuamachta a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid mar a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó go bhféadfadh an fhaisnéis difear a dhéanamh d'fhóntacht airgeadais nó d'inmharthanacht na hinstitiúide.
20. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT a mheas go bhfuil faisnéis ábhartha chun cúraimí aonaid um fhaisnéis airgeadais a fheidhmiú nuair a d'fhéadfadh an fhaisnéis sin a thabhairt le fios go bhféadfadh ML nó TF a bheith i gceist, agus nuair a d'fhéadfadh sé cabhrú rioscaí, treochar, patrúin nó tíopeolaíochtaí ML/TF a shainaithint.
21. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil do:
- a) na maoirseoirí AML/CFT atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an institiúid sa Bhallstát ina bhfuil an institiúid bunaithe nó ina mbeartaítear an institiúid a bhunú, agus
 - b) na maoirseoirí AML/CFT sa Bhallstát ina bhfuil an máthairghnóthas AE bunaithe má bhaineann an institiúid le grúpa trasteorann nó, i gcás institiúide aonair ag a bhfuil brainsí i mBallstáit eile, ina bhfuil ceannoifig na hinstitiúide lonnaithe, nó i gcás ina bhfuil coláiste AML/CFT bunaithe, an maoirseoir ceannais.
22. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta gach duine de na maoirseoirí a fhaigheann AML/CFT a chur ar an eolas faoi na maoirseoirí eile AML/CFT a bhfuil faisnéis á cur ar fáil acu dóibh nó a bhfuil faisnéis curtha ar fáil acu dóibh, i gcás inarb ábhartha.
23. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil do:
- a) na maoirseoirí stuamachta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an institiúid sa Bhallstát ina bhfuil an institiúid bunaithe nó ina mbeartaítear an institiúid a bhunú, agus

- b) an maoirseoir comhdhlúthaithe má bhaineann an institiúid le grúpa trasteorann, nó i gcás institiúide aonair a bhfuil brainsí i mBallstáit eile aici, maoirseoir stuamachta na ceannoifige.

24. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta gach duine de na maoirseoirí a fhaigheann AML/CFT a chur ar an eolas faoi na maoirseoirí stuamachta eile a bhfuil faisnéis á cur ar fáil acu dóibh nó a bhfuil faisnéis curtha ar fáil acu dóibh, más cúí.

Iarrataí ar chomhar agus ar fhaisnéis

25. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus AML/CFT iarraidh ar fhaisnéis nó ar chomhar a dhéanamh i scríbhinn, ina sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad:

- a. an cineál faisnéise nó comhair a iarrtar;
- b. an cuspóir dá n-iarrtar an fhaisnéis nó an comhar, lena n-áirítear sonraíocht na bhforálacha dlíthiúla lena sainítear na cúraimí maoirseachta a meastar an fhaisnéis a iarradh a bheith ábhartha ina leith; agus
- c. i gcás iarrataí atá íogair ó thaobh ama de, an dáta faoina bhfuiltear ag súil leis an bhfreagra, lena n-áirítear comhthéacs agus práinn na hiarrata, más ann dó.

26. I gcás nach mbeidh an t-údarás iarrtha in ann an fhaisnéis nó an comhar a iarradh a chur ar fáil faoin dáta atá socraithe ag an údarás iarrthach, ba cheart dáta eile a chomhaontú. I gcás inar féidir leis an údarás iarrtha freagra páirteach a chur ar fáil laistigh den dáta atá curtha in iúl ag an údarás iarrthach, ba cheart don údarás iarrtha aon fhaisnéis is féidir leis a sholáthar amhlaidh a chur ar fáil agus teacht ar chomhaontú maidir le dáta eile chun aon fhaisnéis atá fós gan íoc a sholáthar.

27. I gcás nach féidir iarraidh ar chomhar nó ar fhaisnéis a chomhlíonadh i bpáirt nó ina hiomláine, ba cheart don údarás iarrtha míniú mionsonraithe i scríbhinn a thabhairt maidir leis na cúiseanna nach bhfuil sé indéanta nó nach féidir an iarraidh a chomhlíonadh.

28. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT, i gcás inar féidir, an fhaisnéis is gá a lorg ón údarás a bhailigh nó a chruthaigh an fhaisnéis ar dtús, má tá an méid sin ar eolas.

Faisnéis a sholáthar ar a thionscnamh féin

29. Ba cheart faisnéis a mheastar a bheith ábhartha d'údarás eile a tharchur ar a thionscnamh féin agus gan aon mhoill mhíchúí, mura léir d'úinéir na faisnéise go bhfuil an fhaisnéis sin ag an údarás glactha ionchasach cheana féin.

Comhar idir maoirseoirí stuamachta agus maoirseoirí AML/CFF

30. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT teacht ar chomhaontú maidir le malartú rialta faisnéise i gcás ina meastar gurb íomchuí sin chun maoirseacht a dhéanamh ar institiúid nó ar ghrúpaí nó institiúidí trasteorann a bhfuil brainsí acu atá bunaithe i ndlínsí eile. I gcás ina gcomhaontaítear malartú faisnéise rialta a bhunú, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT faisnéis a roinnt lena chéile go tráthrialta a mheastar a bheith ábhartha chun cúraimí an mhaoirseora eile a chomhlíonadh.
31. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT eolas a roinnt lena chéile faoi phointí teagmhála ainmnithe chun tarchur faisnéise ábhartha a éascú agus ba cheart dóibh smaoineamh ar bhosca ríomhphoist feidhmiúil a bhunú.
32. I gcás ina bhfuil socruithe bunaithe cheana maidir le comhar agus malartú faisnéise, ba cheart do na maoirseoirí stuamachta ábhartha agus do mhaoirseoirí AML/CFT cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an leor nó nach leor na socruithe atá ann cheana féin chun faisnéis a mhalartú chun na forálacha a leagtar amach sna treoirlínte seo a chomhlíonadh nó an gá do na húdaráis na socruithe sin a thabhairt cothrom le dáta nó iad a fhorlíonadh ar shlí eile le socruithe malartacha i bhfianaise na módúlachtaí le haghaidh comhair agus malartú faisnéise mar a leagtar amach sna treoirlínte sin.
33. I gcás ina mbíonn an comhar agus an malartú faisnéise bunaithe cheana féin i gcoláistí stuamachta agus/nó coláistí AML/CFT, ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT agus maoirseoirí stuamachta leas a bhaint as creat na gcoláistí chun críocha an chomhair agus an mhalartaithe faisnéise mar a leagtar amach sna treoirlínte sin, i gcás ina meastar gurb íomchuí sin ag féachaint don chineál comhair agus don chineál faisnéise atá le malartú.

Comhar idir maoirseoirí stuamachta agus an t-aonad um fhaisnéis airgeadais

34. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta faisnéis a roinnt leis an aonad um fhaisnéis airgeadais arna bailiú nó arna cruthú i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí maoirseachta atá ábhartha do chúraimí an aonaid um fhaisnéis airgeadais i gcomhréir le mír 20.
35. I gcás inarb íomchuí, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta faisnéis a lorg ón aonad um fhaisnéis airgeadais mar a leagtar amach sna treoirlínte sin agus atá ábhartha i ndáil lena gcúraimí maoirseachta a chomhlíonadh.

Comhar idir maoirseoirí AML/CFT agus an t-aonad um fhaisnéis airgeadais

36. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT faisnéis a roinnt leis an aonad um fhaisnéis airgeadais arna bailiú nó arna cruthú i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí maoirseachta atá ábhartha do chúraimí an aonaid um fhaisnéis airgeadais i gcomhréir le mír 20.

37. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta AML/CFT faisnéis a lorg ón aonad um fhaisnéis airgeadais mar a leagtar amach sna treoirlínte sin agus atá ábhartha i ndáil lena gcúraimí maoirseachta a chur i gcrích.

5.2 Sriantha rúndachta agus úsáidí incheadaithe faisnéise

38. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT a áirithiú go ndéantar fhaisnéis rúnda a mhalartú lena chéile agus leis an aonad um fhaisnéis airgeadais trí bhealaí slána.

39. Aon fhaisnéis a fhaightear tar éis an chomhair agus an mhalartaithe faisnéise a leagtar amach in Airteagal 117(5) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart í a choinneáil faoi rún mar a cheanglaítear leis na dlíthe is infheidhme, agus níor cheart í a úsáid ná a nochtadh ach amháin mar a cheadaítear le dlíthe is infheidhme. Ba cheart toiliú roimh ré a chomhlíonadh i gcás inar gá sin i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme.

40. Ba cheart an comhar agus an malartú faisnéise a leagtar amach sna treoirlínte seo a fheidhmiú i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme lena rialaítear cosaint sonraí.⁶

⁶ I gcás na n-údarás náisiúnta Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE agus dlíthe cur chun feidhme náisiúnta an Rialacháin seo, agus maidir le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus saorchúrsaíocht na sonraí seo, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.

6. Comhar agus malartú faisnéise i gcomhthéacs na bpróiseas a bhaineann le húdarú, éadálacha beartaithe de shealúchais cháilitheacha, measúnuithe oiriúnachta, agus aistarraingt údaraithe

6.1 Iarratais ar údarú institiúidí

Maoirseoir stuamachta

41. Nuair a bhíonn iarratas ar údarú á mheasúnú faoi Airteagal 10 go hAirteagal 14 de Threoir 2013/36/AE⁷, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta comhoibriú agus faisnéis a mhalartú leis an maoirseoir ábhartha AML/CFT chun críche a measúnaithe i gcomhréir le Treoirlínte ÚBE maidir le modheolaíocht measúnaithe chomhchoiteann chun údaruithe a dheonú⁸, go háirithe i ndáil leis an measúnú ar rioscaí ML/TF a bhaineann leis an iarratas ar údarú atá beartaithe.
42. Ba cheart don mhaoirseoir stuamachta an fhaisnéis ar fad a sholáthraítear nó a bhaineann leis an iarratas atá ábhartha don mhaoirseoir AML/CFT a roinnt leis an maoirseoir AML/CFT chun a t(h)uairimí faoin iarratas ar údarú a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh malartú faisnéise á dhéanamh freisin sa chás go gcuirtear aon sonraí nó faisnéis eile ar fáil atá ábhartha don mhaoirseoir AML/CFT le linn an athbhreithnithe ar an iarratas.
43. Ina theannta sin, i gcásanna ina méadaítear an riosca ML/TF a bhaineann leis na scairsealbhóirí, comhaltaí den chomhlacht bainistíochta nó sealbhóirí príomhfheidhme, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a lorg ón aonad um fhaisnéis airgeadais chun eolas a sholáthar dá mheasúnú mar a mhínítear i roinn 6.2 agus i roinn 6.3.
44. Ina theannta sin, i gcás ina méadaítear an riosca ML/TF a bhaineann leis na cistí a úsáidtear chun an ceanglas caipitil a chomhlíonadh ar údarú institiúide nua, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta freisin, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a lorg ón aonad um fhaisnéis airgeadais, chun bonn eolais a sholáthar dá measúnú. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcásanna ina bhfuil amhras ann, de bharr na faisnéise atá ar fáil, faoi dhlísteacht thionscnamh na gcistí a úsáideadh chun

⁷ I gcomhréir le Treoirlínte ÚBE maidir le modheolaíocht measúnaithe chomhchoiteann chun údarú a dheonú mar institiúid creidmheasa faoi Airteagal (8)5 de Threoir 2013/36/AE (EBA/GL/2021/12).

Féach freisin an (dréacht deiridh) RTS agus ITS maidir le húdarú institiúidí creidmheasa (EBA-RTS-2017-08 agus EBA-ITS-2017-15) san fhaisnéis atá le soláthar chun institiúidí creidmheasa a údarú.

⁸ Treoirlínte ÚBE maidir le modheolaíocht measúnaithe chomhchoiteann chun údarú a dheonú mar institiúid creidmheasa faoi Airteagal (8)5 de Threoir 2013/36/AE (EBA/GL/2021/12).

an ceanglas caipitil a chomhlíonadh tráth an údaraithe agus faoin méid a d'fhéadfadh na cistí a bheith nasctha le gníomhaíocht choiriúil nó bunaithe i ngníomhaíocht choiriúil.

45. I gcás ina gcinnfidh maoirseoir stuamachta gan an t-údarú a dheonú d'institiúid ar fhorais rioscaí ML/TF, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta an cinneadh ábhartha nó codanna den chinneadh a roinnt leis an maoirseoir AML/CFT sa Bhallstát inar beartaíodh an institiúid a bhunú agus leis an aonad um fhaisnéis airgeadais sa Bhallstát sin freisin.

Maoirseoirí AML/CFT

46. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT, arna iarraidh sin do mhaoirseoirí stuamachta, an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil dóibh a roinnt agus a measúnú ar an iarratas a chur ar fáil ó thaobh AML/CFT de. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT faisnéis a lorg freisin ó mhaoirseoirí eile AML/CFT agus ón aonad um fhaisnéis airgeadais mar chuid dá measúnú ar an iarratas, mura rud é go bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil cheana féin don mhaoirseoir stuamachta nó murar lorg an maoirseoir stuamachta an fhaisnéis sin ón aonad um fhaisnéis airgeadais.
47. Ba cheart faisnéis a iarrtar i gcomhthéacs iarratais ar údarú institiúide a chur ar fáil gan aon mhoill mhíchuí i bhfianaise an chreata ama dhlíthiúil ghearr atá ag an maoirseoir stuamachta chun measúnú a dhéanamh ar iarratas den chineál sin.

6.2 Measúnú ar éadálacha beartaithe nó ar mhéaduithe ar shealúchais cháilitheacha

Maoirseoirí stuamachta

48. Nuair a bhíonn an éadail bheartaithe nó an méadú atá beartaithe ar shealúchais cháilitheacha faoi Airteagal 22 agus Airteagal 23 de Threoir 2013/36/AE á meas, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta, i gcás ina meastar gur gá sin, comhoibriú agus faisnéis a mhalartú leis na maoirseoirí AML/CFT ábhartha chun críche a measúnaithe, go háirithe maidir leis an measúnú ar na forais réasúnacha amhrais maidir le ML/TF i ndáil leis an bhfaighteoir beartaithe nó rioscaí ML/TF i ndiaidh na héadála beartaithe nó méadú na sealúchas cáilitheach⁹. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta, i gcás ina meastar gur gá sin, faisnéis a iarraidh ón maoirseoir ábhartha AML/CFT chun measúnú a dhéanamh ar chritéar AML/CFT a bhunaítear in Airteagal 23(1)(e) de Threoir 2013/36/AE i gcomhréir le mír 14 de na Treoirínte Comhphárteacha maidir leis an measúnú stuamachta ar éadálacha agus ar mhéaduithe ar shealúchais cháilitheacha.¹⁰
49. Ina theannta sin, i gcásanna ina méadaítear an riosca ML/TF a bhaineann leis an institiúid nó leis an iarratasóir, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta freisin, i gcás inarb iomchuí, faisnéis

⁹ I gcomhréir le Treoirínte Comhphárteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltáí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE (EBA/GL/2021/06) agus leis na Treoirínte Comhphárteacha maidir leis an measúnú stuamachta ar éadálacha agus ar mhéaduithe ar shealúchais cháilitheacha san earnáil baincéireachta, árachais agus urrús (JC/GL/2016/01).

¹⁰ Treoirínte Comhphárteacha maidir le measúnú stuamachta ar éadálacha agus ar mhéaduithe sealúchas cáilitheach san earnáil baincéireachta, árachais agus urrús (JC/GL/2016/01).

a lorg ó aonaid um fhaisnéis airgeadais chun eolas a chur ar fáil dá measúnú ar iarratas ar éadail nó méadú beartaithe ar shealúchais cháilitheachta. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcásanna ina bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh nó go bhfuiltear ag iarraidh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó go bhfuil riosca méadaithe ann ina leith i dtaca leis an institiúid nó leis an iarratasóir agus go háirithe i gcásanna ina mbeidh amhras ann, de bharr na faisnéise atá ar fáil, faoi dhlísteacht thionscnamh na gcistí.

50. Nuair a bhíonn faisnéis á lorg, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta a dhéanann an iarraidh an fhaisnéis ábhartha ar fad a cuireadh ar fáil nó a bhaineann leis an bhfógra de réir Airteagal 22(1) de Threoir 2013/36/AE a chur ar fáil. San iarraidh sin, ba cheart daoine dlítheanacha agus nádúrtha a shainaitheint ar bhealach soiléir chun a áirithiú go soláthrófar sonraí don duine ceart.
51. I gcás ina gcinfidh maoirseoir stuamachta cur i gcoinne na héadála beartaithe bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe ar chritéar AML/CFT a bhunaítear in Airteagal 23(1)(e) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta an cinneadh ábhartha nó codanna den chinneadh a roinnt leis an maoirseoir ábhartha AML/CFT agus leis an aonad um fhaisnéis airgeadais.

Maoirseoirí AML/CFT

52. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT, arna iarraidh sin ag maoirseoirí stuamachta, comhoibriú lena measúnú ar an iarratasóir bunaithe ar AML/CFT chun measúnú a dhéanamh ar an éadail nó ar an méadú atá beartaithe ar shealúchais cháilitheacha. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don mhaoirseoir AML/CFT faisnéis a lorg freisin ón aonad um fhaisnéis airgeadais mar chuid dá m(h) easúnú ar an iarratas, mura bhfuil a leithéid d'fhaisnéis ar fáil cheana féin don mhaoirseoir stuamachta nó murar lorg an maoirseoir stuamachta an fhaisnéis sin ón aonad um fhaisnéis airgeadais.
53. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT, ar a dtionscnamh féin, faisnéis a roinnt le maoirseoirí stuamachta a mheastar a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar éadálacha beartaithe nó méaduithe beartaithe ar shealúchais cháilitheacha i gcás ina bhfuil siad ar an eolas faoi fhíricí nua a bhaineann le ML/TF institiúidí, a scairshealbhóirí nó a gcomhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhmeanna.
54. Ba cheart faisnéis a iarrtar i gcomhthéacs éadálacha beartaithe nó méaduithe beartaithe ar shealúchais cháilitheacha a chur ar fáil gan aon mhoill mhíchúí i bhfianaise an chreata ama dhlíthiúil ghearr atá ag an maoirseoir stuamachta chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin.

6.3 Measúnú oiriúnachta ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus ar shealbhóirí príomhfheidhme

Maoirseoirí stuamachta

55. Nuair a bhíonn measúnú nó athmheasúnú á dhéanamh ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta, i gcás ina meastar gur gá sin, comhoibriú agus faisnéis a mhalartú leis na maoirseoirí AML/CFT ábhartha chun críche a measúnaithe, go háirithe, maidir le measúnú a dhéanamh i dtaobh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil forais réasúnacha ann chun a bheith in amhras go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh nó go ndearnadh iarracht a leithéid a dhéanamh, nó go bhfuil baol méadaithe ann ina leith i dtaca leis an institiúid sin. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta, i gcás ina meastar gur gá sin, faisnéis a iarraidh ó mhaoirseoirí ábhartha AML/CFT chun críche a measúnaithe i gcomhréir le Treoirlínte Comhphárteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus faoi Threoir 2014/65/AE¹¹.
56. I gcás ina gcinneadh maoirseoir stuamachta nach bhfuil comhalta den chomhlacht bainistíochta nó sealbhóirí príomhfheidhme oiriúnach bunaithe ar na fíricí ábhartha i gcomhthéacs rioscaí nó teagmhais ML/TF, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta a t(h)átail agus cinntí a roinnt leis an maoirseoir ábhartha AML/CFT agus leis an aonad um fhaisnéis airgeadais.

Maoirseoirí AML/CFT

57. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT, arna iarraidh sin don mhaoirseoir stuamachta, an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil a roinnt chun eolas a sholáthar don mheasúnú agus don athmheasúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don mhaoirseoir AML/CFT faisnéis a lorg freisin ón aonad um fhaisnéis airgeadais mar chuid dá m(h) easúnú ar an iarratas, mura bhfuil a leithéid d'fhaisnéis ar fáil cheana féin don mhaoirseoir stuamachta nó murar lorg an maoirseoir stuamachta an fhaisnéis sin ón aonad um fhaisnéis airgeadais.
58. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT ar a dtionscnamh féin faisnéis a roinnt le maoirseoirí stuamachta, ar faisnéis í a mheastar a bheith ábhartha chun measúnú nó athmheasúnú a dhéanamh ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme i gcás ina dtagann fíricí nua nó fíricí nach raibh ar eolas roimhe sin chun solais a bhaineann le ML/TF.

¹¹ Treoirlínte Comhphárteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE (EBA/GL/2021/06).

59. Ba cheart faisnéis a iarrtar i gcomhthéacs measúnuithe oiriúnachta a chur ar fáil gan aon mhoill mhíchúí i bhfianaise na tréimhse ghearr dlí a bheidh ag an maoirseoir stuamachta le haghaidh measúnuithe den sórt sin.

6.4 Aistarraingt údarú institiúidí

60. I gcás ina gcinnfidh an maoirseoir stuamachta an nós imeachta a thionscnamh chun an t-údarú a deonaíodh d'institiúid a aistarraingt, bunaithe go heisiach nó i measc foras eile ar a d(h)liteanas i leith sáruihte tromchúiseacha ar dhlíthe AML/CFT is infheidhme i gcomhréir lena chumhacht faoi Airteagal 18 de Threoir 2013/36/AE, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta an maoirseoir ábhartha AML/CFT a chur ar an eolas faoi.
61. I gcás ina sainaitníonn maoirseoirí AML/CFT sáruihte tromchúiseacha ar dhlíthe AML/CFT is infheidhme i ndáil leis an institiúid, ba cheart dóibh an maoirseoir stuamachta a chur ar an eolas gan aon mhoill mhíchuí faoi na sáruihte tromchúiseacha sin agus faoina gcinneadh agus faoi aon bhreithniúcháin bhreise ábhartha, lena n-áirítear an measann siad nach bhfuil an institiúid toilteanach nó nach bhfuil an institiúid in ann na sáruihte sin a leigheas agus a mhéid is féidir aghaidh a thabhairt ar na laigí nó ar an sárú trí bhearta atá ar fáil don mhaoirseoir AML/CFT.
62. Nuair a bhíonn an maoirseoir stuamachta á chur ar an eolas faoi shárú tromchúiseach, ba cheart don mhaoirseoir AML/CFT an fhaisnéis agus na mionsonraí ábhartha go léir a chur ar fáil don mhaoirseoir stuamachta maidir leis an sárú tromchúiseach/na sáruihte tromchúiseacha arna sainaitint ionas gur féidir leis an maoirseoir stuamachta meastóireacht cheart a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fuarthas agus a mheasúnú féin a dhéanamh i dtaobh cibé acu ar cheart nó nár cheart an t-údarú a aistarraingt.
63. Ba cheart don mhaoirseoir AML/CFT, ar a laghad, faisnéis mhionsonraithe a áireamh ina mínítear cén fáth a bhfuil an sárú tromchúiseach, lena n-áirítear an cineál sáraithe, an fad ama ar lena linn a tharla an sárú, cibé acu an ionann nó nach ionann an sárú agus mainneachtain chórasach laistigh den institiúid, tionchar an tsáraithe ar an institiúid agus sláine an mhargaidh ina n-oibríonn sé, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gníomhaíocht feabhsúcháin, más ann, beartaithe nó déanta ag an institiúid chun an sárú a leigheas agus na bearta agus smachtbhannaí maoirseachta, más ann dóibh, atá beartaithe nó forchurtha ag an maoirseoir AML/CFT.
64. Tar éis fógra a fháil maidir le sárú tromchúiseach mar a leagtar amach i mír 61 thuas, ba cheart don mhaoirseoir AML/CFT comhoibriú a mhéid is gá leis an maoirseoir stuamachta de réir mar is gá agus mínithe nó faisnéis bhreise a sholáthar i gcás inar gá.
65. I gcás ina gcinnfidh an maoirseoir stuamachta an t-údarú a tugadh d'institiúid a aistarraingt bunaithe ar sháruihte tromchúiseacha ar dhlíthe AML/CFT is infheidhme i gcomhréir lena chumhacht faoi Airteagal 18 de Threoir 2013/36/AE, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta an maoirseoir ábhartha AML/CFT agus an t-aonad um fhaisnéis airgeadais a chur ar an eolas.

7. Comhar agus malartú faisnéise i maoirseacht leanúnach

7.1 Measúnú ar fhógraí chun an tsaoirse bhunaíochta a fheidhmiú agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a fheidhmiú

Maoirseoirí stuamachta

66. Ba cheart don mhaoirseoir stuamachta óstach a fhaigheann fógra maidir le feidhmiú an chirt bhunaíochta laistigh dá chríoch ó mhaoirseoir stuamachta baile na hinstitiúide, fógra a thabhairt don mhaoirseoir AML/CFT ábhartha ina Bhallstát/Ballstát go bhfuarthas an fógra sin.
67. Ba cheart don mhaoirseoir stuamachta, arna iarraidh sin don mhaoirseoir AML/CFT, faisnéis a roinnt leis an maoirseoir AML/CFT maidir le feidhmiú iarbhír na saoirse seirbhísí a bheith á soláthar ag an institiúid leis an maoirseoir AML/CFT.

Maoirseoirí AML/CFT

68. Tar éis dó faisnéis a fháil ón maoirseoir stuamachta maidir le feidhmiú an chirt bhunaíochta nó na saoirse seirbhísí a sholáthar laistigh dá dhlínse, ba cheart don mhaoirseoir AML/CFT comhoibriú agus faisnéis a mhalartú leis an maoirseoir AML/CFT ábhartha sa Bhallstát ina bhfuil ceannoifig na hinstitiúide bunaithe, go háirithe nuair a bhíonn measúnú riosca ML/TF á dhéanamh aige/aici.
69. I gcásanna ina bhfuil an institiúid neamhchosanta ar riosca suntasach nó méadaithe ML/TF, ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha a lorg ón aonad um fhaisnéis airgeadais.

7.2 Cumaisc a mheasúnú

Maoirseoirí stuamachta

70. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ag maoirseoir stuamachta ar iarratais chumaisc d'institiúidí, ba cheart dó/di faisnéis ábhartha a bhaineann leis an iarratas ar chumasc a mhalartú le maoirseoirí ábhartha AML/CFT na n-institiúidí cumaisc agus leis an institiúid nua arna cruthú ag an gcumasc. Is é struchtúr airgeadais agus dlíthiúil na foirme comhdhlúthaithe a éascaíonn as an gcumasc sin atá mar bhonn le méid an hidirghníomhaíochta mar a mhínítear thíos.
71. I gcás cumaisc trí éadáil, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an iarratas ar chumasc leanúint ar aghaidh mar seo a leanas:

- a. I gcás ina mbeidh éadail bheartaithe nó méadú beartaithe ar shealúchais cháilitheacha mar thoradh ar an gcumasc, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta faisnéis ábhartha don mheasúnú a mhalartú leis an maoirseoir AML/CFT ábhartha, agus, i gcás inarb iomchuí, leis an aonad um fhaisnéis airgeadais, mar a fhoráiltear in alt 6.2; agus
 - b. I gcás ina mbeidh tionchar ag comhtháthú na hinstitiúide faighte ar raon feidhme cheadúnas an fhaighteora, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta faisnéis ábhartha a mhalartú chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas chun síneadh a chur le húdarú an fhaighteora leis an maoirseoir AML/CFT ábhartha mar a fhoráiltear i roinn 6.1.
72. I gcás cumaisc trí institiúid nua a bhunú, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar iarratas ceadúnaithe na hinstitiúide nua faisnéis a mhalartú leis an maoirseoir AML/CFT ábhartha mar a fhoráiltear i roinn 6.1.

Maoirseoirí AML/CFT

73. I gcás ina bhfaigheann maoirseoirí AML/CFT fógra maidir le cumasc ó na maoirseoirí stuamachta, ba cheart dóibh an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil don mhaoirseoir stuamachta ábhartha maidir leis na hinstitiúidí a bhfuil baint acu leis an gcumasc, go háirithe sa chás go n-athraíonn an maoirseoir stuamachta mar thoradh ar an gcumasc. Go háirithe, tar éis dó fógra den sórt sin a fháil, ba cheart don mhaoirseoir AML/CFT fógra a thabhairt don mhaoirseoir stuamachta faoi shárúithe tromchúiseacha ar na dlíthe AML/CFT is infheidhme nó faoi laigí ábhartha i gcreat AML/CFT na n-institiúidí cumaisc nó maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon bhearta maoirseachta curtha i gcrích acu nó an bhfuil aon smachtbhannaí forchurtha acu ar na hinstitiúidí cumaisc.

7.3 Measúnú ar shocruithe seachfhoinsithe

Maoirseoirí stuamachta

74. Ba cheart don mhaoirseoir stuamachta atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar shocruithe seachfhoinsithe institiúidí mar a shainmhínítear iad i dTreoir ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe¹² faisnéis a bhaineann le socruithe seachfhoinsithe ábhartha a mhalartú leis an maoirseoir ábhartha AML/CFT. Ba cheart an mhalartú sin a dhéanamh go háirithe i gcásanna ina bhfuil forais réasúnacha ag an maoirseoir stuamachta a bheith in amhras go bhféadfadh na socruithe seachfhoinsithe tionchar a imirt ar neamhchosaint riosca ML/TF na hinstitiúide nó ar a comhlíonadh leanúnach i ndáil lena hoibleagáidí faoi Threoir 2013/36/AE agus faoi Threoir (AE) 2015/849, lena n-áirítear sna cásanna seo a leanas:
- a. tá imní ann faoi na socruithe cuí maoirseachta agus rialachais maidir leis an bhfeidhm seachfhoinsithe agus an tionchar ar na rioscaí ML/TF atá os comhair na hinstitiúide, rochtain ar shonraí custaiméirí, iontaofacht taifead, nó leithdháileadh cúraimí idir an

¹² Treoir ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe (EBA/GL/2019/02).

institiúid agus an soláthraí seirbhíse, go háirithe nuair nach eintiteas faoi oibleagáid é an soláthraí faoi Threoir (AE) 2015/849;

- b. tá feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha á seachfhoinsiú ag an institiúid dá dtagraítear dóibh i roinn 4 de Threoirlínte ÚBE maidir le socrúithe seachfhoinisithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chórais inmheánacha agus do chreat rialaithe na hinstitiúide maidir le rioscaí ML/TF, nó más rud é, i gcás mainneachtain i ndáileadh seirbhíse de chuid an tsoláthraí seirbhíse (nó a sholáthraí/soláthraí i gcás fo-sheachfhoinisithe), go mainníonn an institiúid a hoibleagáidí AML/CFT a chomhlíonadh dá bharr.

Maoirseoirí AML/CFT

75. Sa chás go bhfaigheann maoirseoirí AML/CFT faisnéis ón maoirseoir stuamachta maidir le socrú seachfhoinisithe, ba cheart dóibh aon ábhair imní arna sainaithint ó thaobh AML/CFT de a roinnt le maoirseoirí stuamachta.

7.4 Maidir le maoirseacht agus measúnuithe riosca laistigh den láthair agus lasmuigh den láthair

Maoirseoirí stuamachta agus maoirseoirí AML/CFT

76. I gcomhthéacs na maoirseachta ar an láthair agus lasmuigh den láthair, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh i measc na faisnéise ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus maoirseoirí AML/CFT a roinnt lena chéile, ach níl siad teoranta do:

- a. faisnéis ábhartha maidir leis na torthaí a bhaineann le cigireachtaí ar an láthair agus le hathbhreithnithe lasmuigh den láthair agus leis na doiciméid ábhartha a bailíodh le linn na maoirseachta;
- b. rannóga ábhartha ó thuarascálacha arna bhfáil ó na hinstitiúidí nó ó thríú páirtithe lena n-áirítear sainchomhairleoirí agus iniúchóirí seachtracha;
- c. faisnéis ábhartha a roinntear laistigh den choláiste AML/CFT nó laistigh den choláiste stuamachta, i gcás inarb ábhartha;
- d. codanna ábhartha ó mhiontuairiscí cruinnithe leis na hinstitiúidí agus ó chruinnithe na gcoláistí, sa chás go mbeidh a leithéid ar fáil.

Maoirseoirí stuamachta

77. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta faisnéis a iarraidh ar mhaoirseoirí AML/CFT atá ábhartha don Phróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta (SREP) mar a leagtar amach i dTreoirlínte ÚBE maidir le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí coiteanna do SREP, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

- a. torthaí ábhartha na measúnuithe riosca ML/TF, lena n-áirítear measúnuithe riosca earnála agus aonair agus rátálacha riosca aonair, go háirithe i gcásanna ina méadaítear an neamhchosaint ar rioscaí suntasacha ML/TF;
 - b. faisnéis a bhaineann le rioscaí ML/TF atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu;
 - c. faisnéis a bhaineann le laigí ábhartha¹³ i gcreat rialachais, córais agus rialuithe AML/CFT na hinstitiúide faoi mhaoirseacht;
 - d. faisnéis a bhaineann le sáruithe féideartha nó iarbhír, go háirithe sáruithe tromchúiseacha ar dhlíthe AML/CFT is infheidhme arna ndéanamh ag an institiúid faoi mhaoirseacht;
 - e. faisnéis a bhaineann leis na bearta atá curtha ar bun ag an institiúid chun sáruithe agus laigí ábhartha a mhaolú;
 - f. faisnéis a bhaineann le bearta maoirseachta nó smachtbhannaí atá ar feitheamh nó arna bhforchur ar an institiúid mar a leagtar amach i roinn 8.
78. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta faisnéis a sholáthar atá ábhartha don mheasúnú riosca ML/TF a dhéanann maoirseoirí AML/CFT, lena n-áirítear an fhaisnéis a liostaítear i mír 81, gan a bheith teoranta di.
79. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta faisnéis a roinnt leis an aonad um fhaisnéis airgeadais atá ábhartha do chúraimí an aonaid um fhaisnéis airgeadais de réir mhír 20, lena n-áirítear torthaí ábhartha na measúnuithe maoirseachta ar institiúidí a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu ar an gcreat tuairiscithe idirbheart amhrasach.
80. Ina theannta sin, i gcásanna ina bhfuil an institiúid neamhchosanta ar rioscaí méadaithe ML/TF, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a lorg ón aonad um fhaisnéis airgeadais atá ábhartha dá bPróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta (SREP) a d'fhéadfadh a bheith san áireamh ach gan a bheith teoranta d'fhaisnéis ó thíopeolaíochtaí agus anailís riosca ar idirbhearta agus caidreamh gnó a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le hanailís na samhla gnó.

Maoirseoirí AML/CFT

81. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT faisnéis a iarraidh ar mhaoirseoirí stuamachta atá ábhartha agus measúnú riosca ML/TF á dhéanamh acu ar na hinstitiúidí atá faoi mhaoirseacht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

¹³ Laigí ábhartha mar atá sainmhínithe in RTS faoi Airteagal 9a de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

- a. faisnéis a bhaineann le riosca bunúsach ML/TF na n-institiúidí nó riosca earnála ML/TF, go háirithe faisnéis maidir le táirgí agus seirbhísí na hinstitiúide, an bonn custaiméirí, láithreach geografach nó bealaí dáileacháin na hinstitiúide;¹⁴
 - b. torthaí ábhartha a eascraíonn as an bPróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta (SREP)¹⁵, i gcás ina mbeidh fáil orthu, go háirithe i réimsí na samhla gnó, an mheasúnaithe ar rialachas inmheánach agus rialuithe ar fud na hinstitiúide, rioscaí do chaipiteal agus rioscaí do leachtacht agus do chistiú;
 - c. sáruithe ábhartha nó laigí ábhartha arna sainaithint san institiúid faoi mhaoirseacht a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chreat AML/CFT na hinstitiúide;
 - d. faisnéis a bhaineann le bearta maoirseachta nó smachtbhannaí atá ar feitheamh nó arna bhforchur ar an institiúid mar a leagtar amach i roinn 8;
 - e. faisnéis faoi bhraintí agus faoi fhochuideachtaí is gá chun mapáil gnólachtaí a chomhlíonadh i gcomhréir leis na Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849¹⁶.
82. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT faisnéis a chur ar fáil atá ábhartha don mheasúnú riosca stuamachta lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach i mír 77, ach gan a bheith teoranta dí.
83. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a lorg ón aonad um fhaisnéis airgeadais atá ábhartha chun measúnú riosca ML/TF a dhéanamh a d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a áireamh ann ach gan a bheith teoranta dóibh:
- a. tíopeolaíochtaí maidir le rioscaí ML/TF, lena n-áirítear rioscaí geografacha agus rioscaí trasteorann;
 - b. torthaí ábhartha an mheasúnaithe riosca ML/TF curtha i gcrích ag an aonad um fhaisnéis airgeadais;
 - c. faisnéis maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn arna sainaithint ag an aonad um fhaisnéis airgeadais;
 - d. faisnéis maidir le cainníocht agus cáilíocht na dtuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha arna bhfáil ó institiúidí, ar bhealach comhiomlánaithe, amhail de réir earnála, agus maidir le hinstitiúidí aonair;

¹⁴ I gcomhréir leis na Treoirlínte Comhpháirteacha athbhreithnithe maidir le maoirseacht riosca-bhunaithe (EBA/GL/2021/16).

¹⁵ I gcomhréir le Treoirlínte ÚBE maidir leis na nósanna imeachta agus modheolaíochtaí comhchoiteanna athbhreithnithe don phróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) agus don tástáil struis maoirseachta (EBA/GL/2014/13).

¹⁶ Treoirlínte comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais (JC 2019 81).

- e. faisnéis a bhaineann le haon chórais AML/CFT agus rialuithe laigí a d'fhéadfadh a bheith sainaitheanta nó amhrasta ag an aonad um fhaisnéis airgeadais agus go háirithe faisnéis faoi thráthúlacht freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis arna ndéanamh ag an aonad um fhaisnéis airgeadais agus cáilíocht na faisnéise, na sonraí agus na doiciméadachta a sholáthraítear mar fhreagra ar aon iarrataí den sórt sin;
 - f. deimhniú maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh an institiúid faoi réir tuarascála maidir le hidirbheart amhrasach a thíolaic institiúid eile nó cibé acu an dtagann nó nach dtagann cistí atá faoi réir idirbheart amhrasach ón institiúid sin go rialta agus aon fhaisnéis a bhaineann leis an gcás ina bhféadfadh an t-aonad um fhaisnéis airgeadais a roinnt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
84. Ba cheart do mhaoirseoirí AML/CFT faisnéis a roinnt leis an aonad um fhaisnéis airgeadais atá ábhartha dá chúraimí i gcomhréir le mír 20, a bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh ann ach gan a bheith teoranta dóibh:
- a. faisnéis maidir le heasnaimh agus laigí ábhartha arna sainaitheant san institiúid faoi mhaoirseacht, lena n-áirítear iad siúd ar féidir leo difear a dhéanamh do chreat tuairiscithe idirbheart amhrasach;
 - b. faisnéis maidir le sáruithe a bhfuil amhras fúthu nó sáruithe déanta acu, go háirithe sáruithe tromchúiseacha ar dhlíthe AML/CFT is infheidhme arna ndéanamh ag an institiúid faoi mhaoirseacht, go háirithe i gcás ina mbíonn tionchar ag na sáruithe sin ar chumas na hinstitiúide idirbhearta amhrasacha a thuairisciú, torthaí ábhartha mheasúnú riosca ML/TF ar earnálacha nó, i gcás inarb iomchuí, ar institiúidí aonair;
 - c. aon fhaisnéis a bhaineann le rioscaí ML/TF atá ag teacht chun cinn laistigh den earnáil;
 - d. faisnéis ábhartha arna bailiú ó thuarascálacha a fhaightear i ndiaidh Airteagal 61(1) de Threoir (AE) 2015/849 maidir le sáruithe féideartha nó iarbhir ar na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2015/849.

Measúnú coiteann idir AML/CFT agus maoirseoirí stuamachta faoi Airteagal 97(6) de Threoir 2013/36/AE

85. I gcás ina dtugtar forais réasúnacha leis an measúnú riosca stuamachta don mhaoirseoir stuamachta le bheith in amhras go bhfuil nó go raibh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh nó iarracht á déanamh i ndáil le hinstitiúid nó go bhfuil institiúid neamhchosanta ar riosca méadaithe ML/TF, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta maoirseoir AML/CFT na hinstitiúide sin agus ÚBE a chur ar an eolas láithreach maidir lena dtorthaí agus lena n-ábhair imní i gcomhréir le hAirteagal 97(6) de Threoir 2013/36/AE.
86. I gcás ina measann maoirseoir AML/CFT go bhféadfadh institiúid a bheith neamhchosanta ar riosca méadaithe ML/TF tar éis fógra a fháil ón maoirseoir stuamachta mar a leagtar amach thuas, ba cheart don mhaoirseoir AML/CFT dul i dteagmháil leis an maoirseoir stuamachta chun

teacht ar mheasúnú comhchoiteann, ar cheart é a chur in iúl láithreach don ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 97(6) de Threoir 2013/36/AE trí aighneacht aonair ón maoirseoir stuamachta.

87. Chun an measúnú comhchoiteann a dhéanamh mar a cheanglaítear faoi Airteagal 97(6) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart don mhaoirseoir stuamachta agus don mhaoirseoir AML/CFT oibriú i ndlúthchomhar lena chéile agus na fíricí agus na cúiseanna uile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le riosca méadaithe féideartha ML/TF a bhunú. Ba cheart don bheirt mhaoirseoirí an fhaisnéis go léir atá ábhartha chun an measúnú comhchoiteann a dhéanamh a mhalartú.
88. Ba cheart an measúnú comhchoiteann a leagan amach i scríbhinn agus ba cheart na fíricí agus na cúiseanna seanbhunaithe a shonrú sa scríbhinn. Ba cheart go mbeadh ar a laghad measúnú maoirseachta AML/CFT ar an riosca ML/TF méadaithe a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear bearta féideartha chun an riosca a mhaolú ó pheirspictíocht AML/CFT, agus an anailís ar na himpleachtaí stuamachta a d'fhéadfadh a bheith ag an measúnú sin agus bearta stuamachta a d'fhéadfadh a bheith ann chun an riosca a mhaolú.

7.5 Gníomhaíochtaí maoirseachta comhordaithe

Maoirseoirí stuamachta agus maoirseoirí AML/CFT

89. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT breithniú a dhéanamh ar réimsí leasa fhrithpháirtigh a shainaithint i gcás inarb iomchuí agus a ngníomhaíochtaí maoirseachta laistigh den láthair agus lasmuigh den láthair á bpleanáil acu.
90. I gcás ina sainaithnítear réimsí leasa fhrithpháirtigh, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT breithniú a dhéanamh ar an gcineál comhair is iomchuí chun gníomhaíochtaí maoirseachta comhordaithe a bhunú, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí agus lena bhfreagrachtaí maoirseachta faoi seach, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:
- freastal frithpháirteach ar chruinnithe le hionadaithe institiúide;
 - rannpháirtíocht fhrithpháirteach in athbhreithnithe téamacha; agus
 - rannpháirtíocht fhrithpháirteach in athbhreithnithe lasmuigh den láthair nó in iniúchtaí ar an láthair.
91. I gcás ina mbeidh gníomhaíocht chomhordaithe maoirseachta á cur ar bun, ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT teacht ar chomhaontú maidir leis na módúlachtaí comhair, lena n-áirítear, ar a laghad:
- nádúr agus cineál na gníomhaíochta a bheidh le déanamh ag gach maoirseoir faoi seach;

- b. uainiú na hoibre atá le déanamh agus leithdháileadh beartaithe na n-acmhainní maoirseachta;
- c. na rialacha mionsonraithe chun faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear faisnéis arna bailiú le linn na gníomhaíochta comhordaithe a roinnt, agus na torthaí mar thoradh ar an ngníomhaíocht;
- d. an próiseas chun na torthaí ón ngníomhaíocht chomhordaithe agus sárúithe a d'fhéadfadh a bheith ann a láimhseáil;
- e. na roghanna maidir le bearta leantacha comhordaithe, más ann dóibh.

8. Comhar agus malartú faisnéise maidir le bearta maoirseachta agus smachtbhannaí

Maoirseoirí stuamachta agus maoirseoirí AML/CFT

92. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta agus do mhaoirseoirí AML/CFT faisnéis a mhalartú maidir le bearta maoirseachta nó smachtbhannaí atá ar feitheamh nó arna bhforchur agus atá ábhartha dá gcúraimí maoirseachta faoi seach chomh luath agus is féidir sa phróiseas forfheidhmiúcháin.
93. Leis na teachtaireachtaí maidir le bearta maoirseachta nó smachtbhannaí idir maoirseoirí stuamachta agus maoirseoirí AML/CFT, ba cheart mionsonraí a thabhairt maidir le cineál agus méid na n-easnamh bunúsach, laigí ábhartha agus sáruithe tromchúiseacha. Ba cheart go gcuirfeadh an fhaisnéis a chomhroinntear ar chumas maoirseoirí stuamachta breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí stuamachta a d'fhéadfadh a bheith ag laigí ábhartha agus ag sáruithe tromchúiseacha arna sainaithint ag maoirseoirí AML/CFT, agus ag maoirseoirí AML/CFT chun na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chórais AML/CFT na hinstiúide a mheas mar aon le creat rialaithe na n-easnamh arna sainaithint ag na maoirseoirí stuamachta.